



COMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR SHIBHIALTA

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar shaorghluaiseacht trasteorann earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine. In ábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, tá comhar breithiúnach á fhorbairt ag an Aontas Eorpach agus tá naisc á gcruthú aige idir na córais dlí éagsúla. Is iad na príomhchuspóirí atá leis sin ná deimhneacht dhlíthiúil agus rochtain éasca agus éifeachtach ar an gceartas a bhaint amach, rud lenar gá an dlínse inniúil a shainaithint, an dlí is infheidhme a ainmniú go soiléir agus nósanna imeachta forfheidhmithe agus aitheantais atá gasta agus éifeachtach a bheith ann.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); Prótacal Uimh. 21 agus Prótacal 22 atá i gceangal leis na Conarthaí.

CUSPÓIRÍ

I limistéar Eorpach ceartais, níor cheart daoine aonair a chosc ná a dhíspreagadh óna gcearta a fheidhmiú. Níor cheart neamhréireacht agus castacht na gcóras dlí nó riaracháin in AE a bheith ina mbac. Cumhdaíonn reachtaíocht sa réimse casta agus íogair sin an dlí sibhialta clasaiceach, lena n-áirítear roinnt mhaith réimsí ó dhlí an teaghlaigh go dtí an dlí um dhíolachán, ach chumhdaíonn sí an dlí nós imeachta freisin, rud a bhí mar shaincheart eisiach ag na Ballstáit go dtí le déanaí.

Tá sé mar aidhm leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach déileáil le gnéithe trasteorann na saincheistanna uile a bhaineann le caidreamh idir daoine príobháideacha, amhail an dlí teaghlaigh, an dlí réadmhaoine agus dlí na gconarthaí. Ní mór don Chomhairle bearta a bhaineann le dlí an teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann acu le glacadh d'aon toil (Airteagal 81(3) CFAE, dara fómhír). Is iad na príomhuirlisí chun rochtain ar an gceartas trasteorann a éascú ná prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, atá bunaithe ar mhuintir fhrithpháirteach idir na Ballstáit, agus comhar breithiúnach díreach idir cúirteanna náisiúnta.

Is é is mó a bhféachtar lena dhéanamh le gníomhaíocht AE i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta ná na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- A áirithiú go mbeidh ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla ann do shaoránaigh i gcaidreamh trasteorann arna rialú ag an dlí sibhialta;
- Rochtain éasca agus éifeachtach ar an gceartas sibhialta a ráthú do shaoránaigh chun díospóidí trasteorann a réiteach;



- Ionstraimí comhair trasteorann a shimpliú idir cúirteanna sibhialta náisiúnta;
- Tacú le hoiliúint na mbreithiúna agus na foirne breithiúnaí.

Ní mór gach gníomh reachtach atá á ullmhú a chur ar aghaidh chuig na parlaimintí náisiúnta (Airteagal 12 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)). Sa bhreis air sin, tá sé de cheart ag parlaimintí náisiúnta agóid a dhéanamh i gcoinne cinní maidir le gnéithe áirithe de dhlí an teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Ní féidir na cinní sin a dhéanamh faoin ngnáthnós imeachta reachtach ach amháin mura gcuireann aon pharlaimint náisiúnta ina n-aghaidh (Airteagal 81(3) CFAE, tríú fomhír).

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Forbairt dlí phríomha i leith comhar breithiúnach in ábhair shibhialta

Ní raibh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta ar cheann de chuspóirí an Chomhphobail Eorpaigh nuair a glacadh an conradh bunaidh. In Airteagal 220 de den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh áfach, sonraíodh go raibh sé de cheangal ar na Ballstáit 'go simpleofar na foirmiúlachtaí a bhaineann le breithiúnais ó chúirteanna nó ó bhinsí, agus dámhachtainí eadrána, a aithint agus a fhorghníomhú go cómhálartach'. Rinneadh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, i gcomhthéacs idir-rialtasach 'Ceartas Gnóthaí Baile', a áireamh go hoifigiúil laistigh de réim ghníomhaíochta AE le Conradh Maastricht (1.1.3.). Le Conradh Amstardam, tugadh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta laistigh de réimse an Chomhphobail, agus é á aistriú ón gConradh ar an Aontas Eorpach go dtí an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ach níor cuireadh faoi réir mhodh an Chomhphobail é. Le Conradh Nice (1.1.4), ceadaíodh bearta a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta — seachas an dlí teaghlaigh — a ghlacadh, agus úsáid a baint as an nós imeachta comhchinnteoireachta reachtaí.

Le Comhairle Eorpach Tampere (Deireadh Fómhair 1999), leagadh síos bunús do Limistéar Eorpach an Cheartais. Tar éis gur aithníodh nár leor an méid a bhí déanta chun é sin a chur chun feidhme, rinneadh plean gníomhaíochta nua le haghaidh 2005-2010 a sheoladh ag Comhairle Eorpach na Háige (Samhain 2004). I gClár na Háige, cuireadh béim ar an ngá atá le leanúint d'aitheantas frithpháirteach a chur chun feidhme agus é a leathnú chuig réimsí nua amhail maoin teaghlaigh, comharbas agus uachtanna. Tháinig Clár Stócólm ina dhiaidh sin, atá ina threochlár le haghaidh forbairtí amach anseo i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais thar an tréimhse cúig bliana ó 2010 go 2014.

Le Conradh Liospóin (1.1.5.), cuirtear na bearta uile i réimse an chomhair bhreithiúnaigh faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Mar sin féin, tá dlí an teaghlaigh faoi réir nós imeachta reachtach speisialta: gníomhaíonn an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint.

Ba cheart a thabhairt ar aire go bhfuil rogha an diúltaithe ag an Danmhairg, ag Éirinn agus ag an Ríocht Aontaithe maidir le Teideal V de Chuid a Trí de CFAE (réimse na saoire, na slándála agus an cheartais) faoi Phrótacal Uimh. 21 agus faoi Phrótacal Uimh. 22 a ghabhann leis na Conarthaí. Tá rogha an diúltaithe ag Éirinn agus ag an Ríocht Aontaithe maidir le reachtaíocht arna glacadh sa réimse seo, rud a cheadaíonn



dóibh glacadh le reachtaíocht agus le tionscnaimh reachtacha nó diúltú dóibh ar bhun cás ar chás (Prótacal Uimh. 21 a ghabhann leis na Conarthaí). Os a choinne sin, tá rogha diúltaithe níos doichte ag an Danmhairg maidir le réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, rud a fhágann nach nglacann sí aon pháirt sa bheartas sin. Le linn na caibidlíochta ar Chonradh Liospóin, fuair an Danmhairg rogha lenar féidir rogha glactha solúbtha a dhéanamh dá rogha diúltaithe bunaithe ar roghanna diúltaithe na hÉireann agus na Breataine (Prótacal Uimh. 22). Reáchtáladh reifreann an 3 Nollaig 2015 chun feidhmiú na rogha seo a fhorghnó (4.2.1). Diúltaigh 53% de na vótálaithe dó.

B. An phríomhreachtaíocht a glacadh

1. An chúirt iniúil a chinneadh; aithint agus forfheidhmiú breithiúnais agus cinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha

Is é an phríomhionstraim sa réimse sin, [Rialachán \(AE\) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála \('An Bhruiséil I'\)](#) Is é is aidhm don Rialachán seo na rialacha maidir le coinbhleacht dlínse laistigh de na Ballstáit a chomhchuíbiú agus aithint agus forfheidhmiú cinntí in ábhair shibhialta agus thráchtála a shimpliú agus a bhrostú. Déantar Rialachán 'An Bhruiséil I' a fhorlónadh le [Rialachán \(CE\) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora, \('Rialachán na Bruiséile IIa'\)](#). Mar gheall ar mhéadú ar shoghluaisteacht, tá naisc theaghlaigh á bhforbairt i measc daoine aonair ó náisiúntachtaí éagsúla. Ní mór do lánúineacha dénáisiúnta fios a bheith acu faoi conas a leanaí a ainmniú agus is gá daoine colscartha a bheith in ann tosú arís i dtír eile gan an teagmháil lena leanaí a bhriseadh. Maidir le leanaí arna bhfuadach ag duine dá dtuismitheoirí, tá Coinbhinsiún na Háige ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí^[1], ina bhfuil 99 stát conarthach (Deireadh Fómhair 2018) lena n-áirítear gach Ballstát AE, bunaithe ar chuspóir an-simplí: an leanbh a fuadaíodh a thabhairt ar ais go pras. Ag an am céanna, tá Rialachán 'An Bhruiséil II' i bhfeidhm le 15 bliana anuas, ach tá mórán plé déanta maidir le feabhas a chur air i ndáil leis an tsaincheist sin.

Chun aisghabháil idirnáisiúnta maidir le hoibleagáidí cothabhála a éascú, ghlac an Chomhairle [Rialachán \(CE\) Uimh. 4/2009](#) i mí na Nollag 2008. Leis an rialachán seo tugtar le chéile in aon ionstraim amháin rialacha aonfhoirmeacha maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú, mar aon le comhar idir údarais náisiúnta. D'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht imeachtaí dócmhainneachta trasteorann a fheabhsú, i Rialachán (AE) 2015/848 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta, leagtar amach rialacha aonfhoirmeacha maidir le dlínse, aitheantas agus an dlí is infheidhme sa réimse sin. Chun *exequatur* a dhíothú maidir le cinntí a bhaineann le héilimh neamhchospóidithe, ghlac an Parlaimint agus an Chomhairle [Rialachán \(CE\) Uimh. 805/2004](#) lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchospóidithe. Le [Rialachán \(AE\) Uimh. 650/2012 ón gComhairle](#) maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus

[1] Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí.



forfheidhmiú cinntí agus glacadh le forfheidhmiú ionstraimí barántúla in ábhair chomharbais, agus maidir le Deimhnithe Eorpaigh Comharbais a chruthú, féachtar le deireadh a chur le constaicí a bhíonn roimh shaoránaigh maidir le forfheidhmiú a gceart i gcomhthéacs comharbais idirnáisiúnta.

Mar gheall ar na hiarmhairtí dlíthiúla difriúla a bhíonn ag gnéithe sainiúla an phósta agus páirtnéireachtaí cláraithe, rinne an Coimisiún dhá thogra ar leithligh le haghaidh rialachán a thíolacadh in 2011, tograí ina leagtar síos réimis mhaoine do lánúineacha idirnáisiúnta — córas amháin do lánúineacha pósta agus an ceann eile do pháirtnéireachtaí cláraithe — maidir le dlínse, an dlí is infheidhme agus aithint agus forfheidhmiú cinntí in ábhair maidir le réimis maoine pósta.

2. Rialacha easaontachta dlí a chomhchuihbhiú

Tá roinnt ionstraimí glactha ar leibhéal AE chun deileáil leis na hábhair is tábhachtaí a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach (eadhon Rialachán na Buiséile agus na Róimhe). Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle [Rialachán \(CE\) Uimh. 593/2008 an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha \('Rialachán na Róimhe I'\)](#). Le glacadh [Rialachán \(CE\) Uimh. 864/2007 an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha \('Rialachán na Róimhe II'\)](#), bhíothas in ann sraith aonfhoirmeach rialacha easaontachta dlí a chruthú le haghaidh oibleagáidí neamhchonarthacha in ábhair shibhialta agus thráchtála. Féachann siad le feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar intuarthacht thoradh na dlíthíochta. Tá rialacha easaontachta dlí a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála. I réimse an dlí is infheidhme maidir le colscaradh agus idirscaradh dlíthiúil, i mí na Nollag 2010, ghlac an Chomhairle [Rialachán \(AE\) Uimh. 1259/2010](#), lena mbunaítear creat dlíthiúil soiléir agus cuimsitheach do cholscaradh agus idirscaradh dlíthiúil. Maidir le comharbas idirnáisiúnta, cinntear le Rialachán (AE) Uimh. 650/2012, i measc nithe eile, an dlí is infheidhme.

3. Rochtain ar cheartas a éascú

Chun rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú, ghlac an Chomhairle Treoir 2003/8/CE lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna íosta a bhaineann le cúnamh dlíthiúil do dhíospóidí den sórt sin. Is é is cuspóir don treoir sin leibhéal 'leormhaith' cúnamh dhlíthiúil a ráthú i ndíospóidí trasteorann do dhaoine nach bhfuil a ndóthain acmhainní acu. Chun rochtain ar an gceartas a dhéanamh níos éasca agus níos éifeachtaí do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa, tá rialacha comhchoiteanna nós imeachta tugtha isteach ag an Aontas Eorpach le haghaidh dlíthíocht trasteorann simplithe agus brostaithe agus athghabháil trasteorann maidir le héilimh airgid neamhchonspóidithe ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá iad sin ar fáil i Rialachán [\(CE\) Uimh. 861/2007](#) lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga, agus i Rialachán [\(CE\) Uimh. 1896/2006](#) lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta. Tá na nósanna imeachta sin roghnach agus sa bhreis ar na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta. Le [Treoir 2008/52/CE](#), bunaítear rialacha coiteanna maidir le gnéithe áirithe den idirghabháil in ábhair shibhialta agus



thráchtála chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus, sa chaoi sin, úsáid an mhodha réitigh díospóidí sin a spreagadh.

4. Ionstraimí le haghaidh comhar trasteorann idir cúirteanna sibhialta náisiúnta

Le hAirtéal 81(2)(a) agus (c) CFAE freisin, cuirtear de chúram ar an bParlaimint agus ar an gComhairle bearta a ghlacadh a bhfuil sé mar aidhm leo aithint fhrithpháirteach agus forfheidhmiú breithiúnas, agus comhoiriúnacht na rialacha náisiúnta maidir le heasaontacht dlíthe agus dlínse, a áirithiú. Le Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 (atá á athbhreithniú faoi láthair), tá sé beartaithe tarchur doiciméad breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha idir na Ballstáit a shimpliú agus a bhrostú chun críocha seirbhíse agus, sa chaoi sin, éifeachtúlacht agus tapúlacht nósanna imeachta a mhéadú. Chun comhar idir cúirteanna sna Ballstáit éagsúla a luathú maidir le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001. Chun comhar breithiúnach idir na Ballstáit a fheabhsú, a shimpliú agus a bhrostú agus chun rochtain ar an gceartas a chur chun cinn do shaoránaigh atá i mbun díospóidí trasteorann, bunaíodh [Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála](#) le [Cinneadh 2001/470/CE an 28 Bealtaine 2001](#)^[2]. Tá an gréasán comhdhéanta de phointí teagmhála arna n-ainmniú ag na Ballstáit, na húdaráis lárnacha dá bhforáiltear i roinnt ionstraimí AE, giúistísí idirchaidrimh, agus aon údarás eile a bhfuil freagrachtaí air maidir le comhar breithiúnach idir gníomhaithe stáit (cúirteanna, údaráis lárnacha). Rinneadh Cinneadh 2001/470/CE a leasú le Cinneadh 568/2009/CE an 18 Meitheamh 2009 arb é is aidhm dó ról an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (EJN) in ábhair shibhialta agus thráchtála a fheabhsú agus a threisiú. Is nuálaíocht mhór é a tugadh isteach leis an gcinneadh nua ná an gréasán a oscailt do chomhlachais ghairmiúla a dhéanann ionadaíocht ar chleachtóirí dlí, go háirithe ar dhlíodóirí, abhcóidí, nótaírí agus báillí.

Is é atá in uirlis eile le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a shimpliú ná úsáid faisnéise agus teicneolaíochtaí a fhorbairt i riaradh an cheartais. Seoladh an tionscadal sin i mí an Mheithimh 2007 agus tháinig Straitéis Eorpach don r-Cheartais as. Is iad a chumhdaítear leis na huirlisí don r-Cheartas: an [tairseach Eorpach um r-Cheartas](#), a bhfuil sé mar aidhm aige rochtain saoránach agus na fiontar ar an gceartas san Eoraip a éascú; idirnascadh taifead coiriúil ar an leibhéal Eorpach; úsáid níos fearr a bheith á baint as an bhfíschomhdháil le linn nósanna imeachta breithiúnacha; uirlisí aistriúcháin nuálacha, amhail an t-aistriúchán uathoibríthe; foirmeacha dinimiciúla ar líne; agus bunachar sonraí Eorpach d'aistritheoirí agus d'ateangairí. Is é atá i [Scórchlár Ceartais AE](#), ar scórchlár bliantúil é, ná uirlis faisnéise a bhfuil sé mar aidhm léi ceartas níos éifeachtaí a bhaint amach trí shonraí oibiachtúla, iontaofa agus inchomparáide a sholáthar maidir le cáilíocht, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais sna Ballstáit uile. Tá na sonraí buntábhachtach chun tacú le hathchóirithe sna córais cheartais náisiúnta.

[2]Cinneadh Uimh. 568/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena leasaítear Cinneadh 2011/470/CE ón gComhairle lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus tráchtála.



RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Cé is móite de dhlí an teaghlaigh, ina ngníomhaíonn an Chomhairle d'aon toil agus nach ndéantar ach dul i gcomhairle leis an bParlaimint, cuirtear an gnáthnós imeachta reachtach i bhfeidhm maidir le comhar breithiúnach in ábhair shóisialta. Bhí ról gníomhach ag an bParlaimint i sainiú ábhar na n-ionstraimí reachtacha atá sonraithe thuas. Tá sé tugtha dá haire aici roimhe seo go bhfuil gá le fórchultúr breithiúnach Eorpach chun leas iomlán a bheith á bhaint ag saoránaigh as a gcearta faoi na conarthaí. Ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de sin tá oiliúint, go háirithe i réimse an dlí. I mí an Mheithimh 2013, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le 'Rochtain ar an gceartas a fheabhsú: cúnaimh dlíthiúil i ndíospóidí sibhialta agus tráchtála trasteorann'^[3].

I réimse na dlínse, an dlí is infheidhme agus an aitheanta agus forghníomhaithe cinní maidir le réimis mhaoine do lánúineacha idirnáisiúnta, ar réimis iad a chumhdaíonn idir réimis maoine pósta agus na hiarmhairtí maoine a bhíonn ag comhpháirtíochtaí cláraithe, bhí a toiliú tugtha ag an bParlaimint in 2013 ach bhí an dá ghníomh á gcosc sa Chomhairle ar feadh an mblianta. Chomhaontaigh trí Bhallstát is fiche, dá bhrí sin, maidir leis an gcomhar feabhsaithe (Airteagal 20 CAE), chun an dréachtreachtaíocht a thabhairt ar aghaidh. Go luath in 2016, rinne an Coimisiún tograí nua a tharraingt suas le haghaidh gníomhartha, a raibh a substaint bunaithe ar an vóta sa Parlaimint agus ar chomhréitigh ar thángthas orthu roimhe sin. Rinneadh [Rialachán \(AE\) 2016/1103 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse na dlínse, an dlí is infheidhme agus an aitheanta agus forghníomhaithe cinní in ábhair maidir le réimis maoine pósta](#) a ghlacadh sa deireadh an 24 Meitheamh 2016.

Maidir le nósanna imeachta na cúirte sibhialta san Aontas Eorpach, i mí Iúil 2017, d'iarr an Parlaimint ar an gCoimisiún, de bhun Airteagal 225 CFAE, togra le haghaidh gníomh reachtach a thíolacadh faoin 30 Meitheamh 2018, ar bhonn Airteagal 81(2) CFAE, maidir le íoschaighdeáin choiteanna do nós imeachta sibhialta^[4]. Is é is aidhm le téacs na teorach ón Aontas Eorpach atá beartaithe, atá i gceangal le rún na Parlaiminte, córais nós imeachta sibhialta a chomhfhogasú chun a áirithiú go dtabharfar lánurraim don cheart chun triail chóir a fháil mar a aithnítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (4.1.2.) trí íoschaighdeáin a leagan síos maidir le tionscnaimh, stiúradh agus tabhairt i gcrích imeachtaí sibhialta os comhair chúirteanna nó bhinsí na mBallstát a leagan síos.

Rinneadh post Idirghabhálaí Parlaimint na hEorpa um Fhuadach Idirnáisiúnta Leanáí arna dhéanamh ag Tuismitheoir a chruthú in 1987 chun cuidiú le leanáí ó phóstaí nó caidrimh dénáisiúnta ar íospartaigh iad d'fhuadach leanáí arna dhéanamh ag tuismitheoir. I mí Aibreáin 2018, athainmníodh an ról, ar ról é atá á sealbhú i gcónaí ag FPE atá in oifig, mar ['An Comhordaitheoir um Chearta Leanáí i bParlaimint na hEorpa'](#)

[3] IO C 65, 19.2.2016, Ich. 12.

[4] Rún ó Parlaimint na hEorpa an 4 Iúil 2017 le moltaí don Choimisiún maidir le híoschaighdeáin choiteanna do nós imeachta sibhialta san Aontas Eorpach (IO C 334, 19.9.2018, Ich. 39).



faoi stiúir Elisabeth Morin-Chartier, chun léargas a thabhairt ar an bhforbairt atá tagtha ar an sainordú a bhaineann leis an ról, chun cearta leanaí a chuimsiú.

Bhí an post mar Chomhordaitheoir um Chearta Leanaí i bParlaimint na hEorpa ag Anna Maria Corazza Bildt ó mí Eanáir 2019 go dtí na toghcháin Eorpacha in 2019. B'iad Elisabeth Morin-Chartier (2017-2019), Mairead McGuinness (2014-2017), Roberta Angelilli (2009-2014), Evelyne Gebhardt (2004-2009), Mary Banotti (1995-2004) agus Marie-Claude Vayssade (1987-1994) a réamhtheachtaí sa phost.

Udo Bux
05/2019

